*Uimhir* 26 *de* 2001

# An tAcht um Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 26 *de* 2001

**AN tACHT UM CHORPARÁID NÁISIÚNTA PHEITRILIAM NA hÉIREANN TEORANTA, 2001**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Scaireanna sa Chorparáid a dhiúscairt.
3. Íocaíochtaí isteach sa Státchiste.
4. An tAire d'fheidhmiú feidhmeanna is infheidhmithe ag scairshealbhóirí.
5. Scaireanna a dhiúscairt agus a eisiúint i dtaca le hiontaobhas.
6. Diúscairt sócmhainní agus dliteanas.
7. Sócmhainní a bhaineann leis an nGníomhaireacht a aistriú.
8. Ráthaíocht a sholáthar.
9. Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais na Corparáide agus na Gníomhaireachta a athrú.
10. An léarscáil thaiscthe.
11. Cúlghairm.
12. Caiteachais.
13. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

CÚLGHAIRM

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, Uimh. 33 |
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999 | |
| An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 | 1997, Uimh. 31 |
| An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | 1997, Uimh. 39 |

*Uimhir* 26 *de* 2001

# AN tACHT UM CHORPARÁID NÁISIÚNTA PHEITRILIAM NA hÉIREANN TEORANTA, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN SCAIREANNA AN AIRE FIONTAR POIBLÍ I gCORPARÁID NÁISIÚNTA PHEITRILIAM NA hÉIREANN TEORANTA A DHÍOL AGUS CHUN SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS ÁIRITHE DE CHUID NA CORPARÁIDE SIN A DHIÚSCAIRT, LENA nÁIRÍTEAR FOCHUIDEACHTAÍ ÁIRITHE DÁ CUID A DHÍOL, AGUS DÁ FHORÁIL GO bhFÉADFAIDH AN tAIRE OIBLEAGÁIDÍ ÁIRITHE DE CHUID NA CORPARÁIDE A RÁTHÚ, DE BHUN AN CHOMHAONTAITHE DÍOLA AGUS CEANNAIGH AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[9 *Iúil*, 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**(1) San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn "Gníomhaireacht" an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta Teoranta;

ciallaíonn "Lamairne Eischósta Bheanntraí" an chuid sin den áitreabh a forléasadh leis an Dintiúr um Imeall Trá a Thabhairt Suas agus a Léasú dar dáta an 7 Feabhra 2000 a rinneadh idir Aire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha de pháirt agus Bantry Terminals Limited den pháirt eile agus ar a dtugtar an "Príomh-Lamairne" agus atá, chun críoch aitheantais amháin, línithe níos cruinne ar an léarscáil thaiscthe agus atá faoi dhath dearg;

ciallaíonn "Corparáid" Corparáid Pheitriliam Náisiúnta na hÉireann Teoranta;

ciallaíonn "léarscáil thaiscthe" an léarscáil a thaisc an tAire in Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath, an 21 Meitheamh 2001, atá séalaithe le Séala Oifigiúil an Aire agus sínithe ag an Aire agus a bhfuil ag a barr na focail agus na figiúirí "Taiscthe chun críoch aon Achta den Oireachtas arna rith sa bhliain 2001, do dhéanamh socrú chun scaireanna an Aire Fiontar Poiblí i gCorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta a dhíol agus chun sócmhainní agus dliteanais áirithe de chuid na Corparáide sin a dhiúscairt, lena n-áirítear fochuideachtaí áirithe dá cuid a dhíol, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara";

ciallaíonn "Aire" an tAire Fiontar Poiblí;

forléireofar "ceannaitheoir" de réir *alt 6*;

ciallaíonn "scaireanna" scaireanna sa Chorparáid;

ciallaíonn "fochuideachta" fochuideachta de chuid na Corparáide (is fochuideachta de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963);

forléireofar "iontaobhas" de réir *alt 5*.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt is tagairt í d'alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt nó do mhír is tagairt í don fho-alt nó don mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(*c*) aon tagairt d'achtachán forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an tAcht seo.

Scaireanna sa Chorparáid a dhiúscairt.

**2.—**(1) Féadfaidh an tAire aon scaireanna sa Chorparáid a bheidh tógtha nó faighte ag an Aire roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis sin a shealbhú fad is cuí leis an Aire.

(2) Féadfaidh an tAire—

(*a*) faoi réir ceadú roimh ré ón Aire Airgeadais agus faoi réir *fho-alt (3)*, gach ceann nó aon cheann de na scaireanna atá á sealbhú ag an Aire sa Chorparáid a dhíol, a mhalartú, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile ar cibé modh agus faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear uiríll, barántaí, agus slánaíochtaí) a chinnfidh an tAire, agus

(*b*) chun críocha *mhír (a)*, comhaontuithe agus comhshocraíochtaí a dhéanamh.

(3) (*a*) I gcás go mbeadh de thoradh ar dhiúscairt go bhfaighfí airgead a cheanglaítear a íoc nó a dhiúscairt de réir *alt 3*, gheobhaidh an tAire, faoi réir *mhír (b)*, ceadú ó Dháil Éireann sula ndéanfaidh sé nó sí an diúscairt faoin alt seo.

(*b*) Níl feidhm ag *mír (a)* maidir le díbhinní ná le scaireanna a dhiúscairt agus a eisiúint i dtaca le hiontaobhas.

Íocaíochtaí isteach sa Státchiste.

**3.—**Aon airgead a gheobhaidh an tAire i leith na scaireanna, lena n-áirítear—

(*a*) díbhinní, agus

(*b*) airgead a gheofar i leith an tAire do dhiúscairt scaireanna,

déanfar é a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste.

An tAire d'fheidhmiú feidhmeanna is infheidhmithe ag scairshealbhóirí.

**4.—**Féadfaidh an tAire, maidir le scaireanna atá á sealbhú ag an Aire sa Chorparáid, na cearta agus na cumhachtaí go léir atá ag sealbhóir scaireanna den sórt sin a fheidhmiú agus, i gcás ceart nó cumhacht a

bheith infheidhmithe trí aturnae, féadfaidh sé nó sí é nó í a fheidhmiú trína aturnae nó trína haturnae.

**5.—**(1) Féadfaidh an Chorparáid iontaobhas scair-úinéireachta d'fhostaithe ("iontaobhas") amháin nó níos mó lena mbaineann alt 519 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a bhunú, is iontaobhas chun scaireanna, nó scaireanna i gcuideachta shealbhaíochta, a fháil agus a shealbhú chun tairbhe d'fhostaithe den Chorparáid nó d'fhochuideachta.

Scaireanna a dhiúscairt agus a eisiúint i dtaca le hiontaobhas.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, féadfaidh an Chorparáid—

(*a*) cibé líon scaireanna nua a eisiúint, de cibé aicme nó aicmí agus faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, a chinnfidh sí, agus

(*b*) aon chearta, pribhléidí, coinníollacha nó srianta tosaíochta, iarchurtha, cáilithe nó speisialta a chur ag gabháil le haon scaireanna nua,

de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999.

(3) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, chun críoch iontaobhais agus ar cibé modh agus faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire, scaireanna atá á sealbhú aige nó aici sa Chorparáid a dhíol le fostaithe de chuid na Corparáide nó de chuid fochuideachta, nó le hiontaobhaithe iontaobhais, nó iad a aistriú ar shlí eile chucu.

(4) Ní bheidh feidhm ag alt 60 d'Acht na gCuideachtaí, 1963—

(*a*) maidir leis an gCorparáid nó le fochuideachta, nó

(*b*) maidir le cuideachta shealbhaíochta nó fochuideachta eile de chuid cuideachta shealbhaíochta,

do sholáthar airgid nó cúnamh airgeadais (lena n-áirítear iasacht nó ráthaíocht nó soláthar urrúis nó ar shlí eile), go díreach nó go neamhdhíreach, tráth ar bith i dtaca le scaireanna, nó scaireanna i gcuideachta shealbhaíochta, a fháil (cibé acu trí cheannach nó trí mhalartú) nó i dtaca le suibscríobh lena n-aghaidh, arb éard atá ann fáil na scaireanna sin nó suibscríobh lena n-aghaidh de réir iontaobhais, nó aistriú na scaireanna sin chuig iontaobhas, is cuma cé acu a bheidh nó nach mbeidh na scaireanna sin uile nó cuid acu curtha i ngeall mar urrús nó ar shlí eile d'aon tríú páirtí.

(5) Aon airgead a gheobhaidh an tAire i leith an tAire do dhiúscairt scaireanna faoin alt seo, déanfar é a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste.

**6.—**Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, i cibé foirm agus ar cibé modh agus faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sé nó sí, a údarú—

Sócmhainní agus dliteanais a dhiúscairt.

(*a*) don Chorparáid—

(i) cuid dá sócmhainní, nó a sócmhainní go léir, lena n-áirítear a scaireanna in Bantry Terminals Limited nó in Irish Refining plc nó iontu araon, ach gan a scaireanna sa Ghníomhaireacht a áireamh, agus

(ii) cuid dá dliteanais nó a dliteanais go léir,

a dhiúscairt chuig duine ("an ceannaitheoir"),

agus

(*b*) don Chorparáid íocaíochtaí a dhéanamh i ndail le bunú agus maoiniú iontaobhais.

Sócmhainní a bhaineann leis an nGníomhaireacht a aistriú.

**7.**—(1) D'ainneoin aon fhorála i meabhrán comhlachais nó in airteagail chomhlachais na Gníomhaireachta nó aon achtacháin dá mhalairt, féadfaidh an tAire, le ceadú roimh ré ón Aire Airgeadais, a threorú, le hordú, don Ghníomhaireacht a sócmhainní nó a dliteanais go léir nó aon chuid díobh nó iad araon, lena n-áirítear peitriliam, a aistriú chuig an Aire nó chuig údarás poiblí eile ar cibé téarmaí agus coinníollacha is oiriúnach leis an Aire agus, más cuí, féadfar aistriú amháin nó níos mó ná aistriú amháin den sórt sin a ordú amhlaidh.

(2) D'ainneoin aon fhorála i meabhrán comhlachais nó in airteagail chomhlachais na Corparáide nó aon achtacháin dá mhalairt, féadfaidh an tAire, le ceadú roimh ré ón Aire Airgeadais, a threorú, le hordú, don Chorparáid a sócmhainní nó a dliteanais go léir nó aon chuid díobh nó iad araon, lena n-áirítear na scaireanna go léir sa Ghníomhaireacht ar leis an gCorparáid iad nó aon chuid díobh, a aistriú chuig an Aire nó chuig údarás poiblí eile ar cibé téarmaí agus coinníollacha is oiriúnach leis an Aire agus, más cuí, féadfar aistriú amháin nó níos mó ná aistriú amháin den sórt sin a ordú amhlaidh.

(3) Déanfar méideanna (más ann) a bheidh íoctha ag an Aire i leith aistriú arna threorú faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* a aisíoc leis an bPríomh-Chiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(4) Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim faoina n-aistrítear scaireanna nó urrúis inmhargaidh de chuid na Gníomhaireachta chuig an Aire nó chuig údarás poiblí eile.

(5) San alt seo, ciallaíonn "údarás poiblí eile"—

(*a*) Aire den Rialtas seachas an tAire,

(*b*) comhlacht arna bhunú le reacht nó faoi reacht, seachas cuideachta atá corpraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999,

(*c*) cuideachta atá corpraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999 agus ina bhfuil na scaireanna go léir á sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas nó ag stiúrthóirí atá ceaptha ag Aire den Rialtas, nó

(*d*) cuideachta nach mbaineann *mír (c)* léi agus ina bhfuil na scaireanna go léir á sealbhú go díreach nó go neamhdhíreach:

(i) ag Aire amháin den Rialtas nó níos mó,

(ii) ag comhlacht amháin lena mbaineann *mír (b)* nó níos mó,

(iii) ag cuideachta amháin lena mbaineann *mír (c)* nó níos mó.

Ráthaíocht a sholáthar.

**8.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, oibleagáidí de chuid na Corparáide de bhun an chomhaontaithe díola agus ceannaigh arna dhéanamh leis an gceannaitheoir i dtaca leis an diúscairt dá dtagraítear in *alt 6* a ráthú

i cibé foirm, ar cibé modh, ar feadh cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha is oiriúnach leis nó léi agus féadfaidh an tAire, chun na críche sin, aon chomhaontú nó comhshocraíocht iomchuí a dhéanamh.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, ní mó méid nó méid comhiomlán aon ráthaíochta faoi *fho-alt (1)* ná SAM$75,000,000.

(*b*) Níl feidhm ag *mír (a)* maidir le haon oibleagáidí de chuid na Corparáide de bhun an chomhaontaithe díola agus ceannaigh arna dhéanamh idir an Chorparáid agus an ceannaitheoir i ndáil le Lamairne Eischósta Bheanntraí.

(3) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ina leagfar amach, maidir le haon ráthaíocht den sórt dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus a bheidh i bhfeidhm ar dheireadh teacht leis an mbliain airgeadais sin—

(*a*) i gcás aon íocaíocht a bheith déanta ag an Aire faoin ráthaíocht i rith na bliana sin, méid na híocaíochta, agus

(*b*) an méid lena mbaineann an ráthaíocht agus a bhí gan íoc i ndeireadh na bliana.

(4) Déanfar aon mhéideanna a bheidh íoctha ag an Aire faoi fhorálacha na ráthaíochta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a aisíoc leis an bPríomh-Chiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(5) (*a*) D'ainneoin airgead a sholáthar faoi fho-alt (4) chun méid a aisíoc leis an bPríomh-Chiste, leanfaidh an Chorparáid de bheith faoi dhliteanas don Aire i leith an mhéid a bheidh le haisíoc leis an bPríomh-Chiste agus déanfaidh an Chorparáid an méid sin, mar aon le haon ús sonraithe air—

(i) ón dáta ar ar iarr an tAire íocaíocht ón gCorparáid, nó

(ii) ó cibé dáta a chomhaontóidh an tAire agus an Chorparáid,

agus, faoi réir fhorálacha na ráthaíochta lena mbaineann i gcónaí, a aisíoc leis an Aire cibé tráthanna agus i cibé tráthchodanna a cheapfaidh an tAire.

(*b*) Má mhainníonn an Chorparáid méid a aisíoc (lena n-áirítear aon ús sonraithe) de réir *mhír (a)*, ansin—

(i) beidh sé inghnóthaithe ag an Aire mar fhiach conartha shimplí ina aon chúirt dlínse inniúla, agus

(ii) ar an gCorparáid a fhoirceannadh, beidh sé, d'ainneoin aon ní atá in aon chomhaontú nó aon achtachán, ar aon chéim le fiacha gach creidiúnaí neamhurraithe eile de chuid na Corparáide.

(*c*) Ní dochar *mír (b)(i)* d'aon mhodh gnóthaithe eile.

(*d*) San fho-alt seo, ciallaíonn "ús sonraithe"—

(i) ráta úis atá comhionann leis na rátaí socraithe pionóis úis is iníoctha de bhun alt 4(2) den Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, nó

(ii) má shonraíonn an tAire ráta úis níos ísle, an ráta sin.

(6) Íocfar isteach sa Státchiste nó diúscrófar chun tairbhe don Státchiste aon airgead a aisíocfaidh an Chorparáid leis an Aire, nó a ghnóthóidh an tAire ón gCorparáid, faoin alt seo.

(7) Déanfar an t-airgead go léir a theastóidh ó am go ham ón Aire faoi chomhair suimeanna a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige nó aici faoin alt seo a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais na Corparáide agus na Gníomhaireachta a athrú.

**9.**—Déanfaidh an Chorparáid agus an Ghníomhaireacht araon cibé bearta faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999 is gá lena meabhrán comhlachais agus a hairteagail chomhlachais a athrú ó am go ham le go mbeidh siad i gcomhréir leis an Acht seo.

An léarscáil thaiscthe.

**10.**—(1) Coimeádfar an léarscáil thaiscthe in Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.

(2) Beidh an léarscáil thaiscthe ar fáil lena hiniúchadh saor in aisce in Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath ag aon duine aon tráth a bheidh sí ar oscailt chun gnó poiblí a dhéanamh.

(3) Déanfaidh Stiúrthóir na Suirbhéireachta Ordanáis—

(*a*) cóip den léarscáil thaiscthe nó d'aon chuid áirithe di a ullmhú agus a sholáthar d'aon duine a iarrfaidh í, agus

(*b*) cibé suim a chinnfidh an Stiúrthóir a mhuirearú as aon chóip den sórt sin.

(4) (*a*) Féadfar fianaise *prima facie* ar an léarscáil thaiscthe nó ar aon chuid shonraithe di a thabhairt in aon chúirt nó in aon imeachtaí dlí trí chóip di a thabhairt ar aird a airbheartóidh é a bheith deimhnithe gur cóip í ag oifigeach don tSuirbhéireacht Ordanáis a bhí údaraithe chuige sin ag Stiúrthóir na Suirbhéireachta Ordanáis.

(*b*) Ní gá síniú an oifigigh dá dtagraítear i *mír (a)* a chruthú ná a chruthú gurbh é nó í an t-oifigeach sin é nó í nó go raibh sé nó sí údaraithe amhlaidh chun críocha an fho-ailt seo.

Cúlghairm.

**11.**—Déantar gach ionstraim reachtúil a luaitear i *gcolún (2)* den Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a chúlghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den Sceideal os coinne lua na hionstraime.

Caiteachais.

**12.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, agus na caiteachais a thabhóidh an tAire Airgeadais ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

**13.**—(1) Féadfar an tAcht um Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta, 2001 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir críche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

AN SCEIDEAL

*Alt 11.*

CÚLGHAIRM

Ionstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

| Uimhir agus Bliain<br><br>(1) | Teideal na hIonstraime<br><br>(2) | Méid na Cúlghairme<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Uimh. 32 de 1997 | Na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlacht Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe Forordaithe agus Poist Ainmnithe Fhorordaithe i gComhlachtaí Poiblí), 1997 | Sa Dara Sceideal, ag uimhreacha tagartha 102 agus 103, an t-ábhar i gcolúin (2) go (4). |
| Uimh. 448 de 2000 | An tOrdú Olaí Peitriliam (Rialáil nó Rialú ar Fháil, Soláthar, Dáileadh nó Margú) (Buanú), 2000 | An ionstraim iomlán |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 42. 7/23. MM Packaging. (94924). Gr.30-15.

9 781399 304894